








**Seachtain Na hOidhreachta 2026**
**Cathair na Gaillimhe**

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

National Heritage Week
A Heritage Council programme

# Oidhreacht i mBaol

**15 – 23 Lúnasa 2026**

# Oidhreacht i mBaol

““Tugtar cuireadh arís i mbliana dúinn, le Seachtain na hOidhreachta 2026, ceiliúradh a dhéanamh ar chroí agus anam Chathair na Gaillimhe. Tá an stair inár dtimpeall, fite fuaite i seanbhallaí cloiche na cathrach, i réimsí scéimhiúla an dúlra, sna sean-nósanna beo bríomhara, agus san éagsúlacht mhór daoine agus cultúir ar de bhunadh na Gaillimhe anois iad. Is leis an uile dhuine an oidhreacht seo, más ar cuairt sa chathair atá tú nó i do chónaí anseo, agus is oidhreacht bheo í ar fiú í a chaomhnú agus a chothú do na glúnta atá le teacht.

Molaim don uile dhuine, i rith na laethanta seo romhainn, triail a bhaint as rudaí nua, eolas a chur arís ar stair na háite inár dtimpeall agus ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht atá le háireamh ar shaintréithe na cathrach seo le fada an lá.

Is mian liom a gcuid oibre a thréaslú leis an Oifigeach Oidhreachta agus foireann uile Stiúrthóireacht Uirbeach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chuir clár chomh breá le chéile do Sheachtain na hOidhreachta 2026.”

**- Helen Ogbu, Méara Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

““Tugann Seachtain na hOidhreachta 2026 deis dúinn ceiliúradh a dhéanamh ar shaoithiúlacht agus ar éagsúlacht na hoidhreachta a fhágann Gaillimh chomh speisialta agus atá, chomh maith lenár n-aird a dhíriú ar an tábhacht atá lena caomhnú do na glúnta atá le teacht. Meabhraíonn ‘Oidhreacht i mBaol’, téama na bliana seo, dúinn gur fiú meas a bheith againn ar ghnéithe luachmhara den oidhreacht aiceanta, foirgníochta, cultúir, teanga agus seandálaíochta atá inár dtimpeall agus smaoineamh ar bhealaí inar féidir linn uilig cur leis an aire agus leis an gcúram ina leith.

Tá na coillte, na huiscebhealaí agus an fiadhúlra, na foirgnimh stairiúla, agus na láithreacha seandálaíochta, seanghnáis thraidisiúnta agus an Ghaeilge, gnéithe d’oidhreacht na Gaillimhe, ag cur i gcónaí le saol na ndaoine sa gcathair agus leis an gceangal a airítear leis an dúchas. Tá beartaíocht chun sochair déanta le tionscnaimh caomhantais i ndáil le feabhas a chur ar láithreacha stairiúla, spéis a spreagadh sa bhfoirgníocht dúchais agus fónamh níos mó d’oidhreacht cultúir na ndaoine.

Is iontach an deis a thugann Seachtain na hOidhreachta gach a bhfuil ar fáil i nGaillimh a fhiosrú, foghlaim faoi, páirt a ghlacadh ann agus taitneamh a bhaint as. Trí dhícheall an phobail, eagraíochtaí, oibrithe deonacha agus chomhlachtaí poiblí, is féidir a chinntiú go leanann brí agus beocht leis an oidhreacht sa saol ag an uile dhuine againn.”

**- An Dr Jim Ó hUiginn, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe**






# DÉ SATHAIRN, AN 15 LÚNASA

## FÁSRA DROIM TALÚN



- 11 r.n. – 1 i.n. Saor in aisce, tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Gairdín Pobail Choill Mhuirlinne, Coill Mhuirlinne, Bóthar Dhabhach Uisce, Gaillimh
- Áirithint:https://www.eventbrite.com/cc/heritage-week-in-merlin-woods-galway-2026-4857437

Faoi stiúir: Ciara Bruton, Luibheolaí
Athfhás fiántais i gcoillearnaigh - suntas a thabhairt ar phlandaí a dhéanann coilíniú nó a thagann chun cinn arís tar éis eachtraí glantacháin, mar shampla stoirmeacha nó tanú coille.



## SIÚLÓID LE TREORAÍ I RATHÚN

- ·11r.n. – 1 i.n. Saor in aisce, Oiriúnach do leanaí 10+ agus do dhaoine fásta. Moltar bróga a chaitheamh atá oiriúnach do chnocáin
- Ag Teacht le Chéile: An Pháirc Imeartha ag Lána an Mhuilleora, Bóthar Rathúin, Gaillimh
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/9nRf53NTC0qEbRXFis1uOQ2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: John Connolly, TD
Tabharfaidh John Connolly, TD, atá an-tugtha do stair na háite, daoine ar shiúlóid oidhreachta trí roinnt de na háiteanna is suntasaí i Rathún. Tosaítear amach ag Lána an Mhuilleora, ar aghaidh go dtí Seanreilig Rathúin agus an Reilig Nua ag seasamh ag uaigheanna suntasacha agus críochnaítear ag Teach Rathúin. Oiriúnach do leanaí nach leanaí óga iad agus do daoine fásta. Moltar bróga a chaitheamh atá oiriúnach do chnocáin.

## ICAINT LE LÉARÁIDÍ: OBAIR DHIGITIÚCHÁIN AR BHAILIÚCHÁN OIDHREACHTA FAOI LEITH



- ·12i.n. - 1i.n.Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- ·Ag Teacht le Chéile: Músaem Cathrach na Gaillimhe, Paráid na Spáinneach, Gaillimh
- ·Áirithint: Museum@GalwayCity.ie nó (091) 532460

Faoi stiúir: Brendan McGowan, Oifigeach Oideachais
Idir na 1970idí agus tús na 2000idí, rinne William Henry agus John Monahan (nach maireann) taifeadadh ar isteach is amach le 180 léacht faoi chúrsaí staire agus cultúir a tugadh do lucht éisteachta an Old Galway Society agus Chumann Seandálaíochta agus Staire na Gaillimhe. Tá daoine iomráiteacha den lucht taighde agus léinn le cloisteáil in ábhar an bhailiúcháin seo mar atá údair áitiúla agus náisiúnta.  Bí in éineacht le Brendan McGowan, Oifigeach Oideachais, agus William Henry, údar agus staraí áitiúil, agus plé á dhéanamh acu ar thús an bhailiúcháin, ar an obair dhigitiúcháin agus ar a bhfeictear dóibh a bheith i ndán don acmhainn thábhachtach oidhreachta seo.

## OIDHREACHT I mBAOL - SIÚLÓID BITHÉAGSÚLACHTA TRÁ AGUS DUMHCHA



- 1i.n. - 2:30i.n. Saor in aisce. Níl inrochtana do chathaoireacha rothaí.
- Ag Teacht le Chéile: Bothán an Gharda Tarrthála, Trá Grattan, Bóthar na Trá
- Áirithint: Museum@GalwayCity.ie nó (091) 532460

Faoi stiúir: Garry Kendellen, Galway Atlantaquaria, Léa Delhaise, Músaem Cathrach na Gaillimh agus Foras na Mara, agus daoine eile as Ollscoil na Gaillimhe
Bí in éineacht le Músaem Cathrach na Gaillimhe, Ollscoil na Gaillimhe agus Galway Atlantaquaria ar Thrá Grattan, Bóthar na Trá d’ócáid maidir le ‘Oidhreacht i mBaol’ - siúlóid faoi threoir lucht eolais ar fud timpeallacht faoi leith cois cladaigh. Foghlaim faoin tábhacht atá le dumhcha, an chosaint a thugann siad do réimsí cósta agus faoin méid is féidir a dhéanamh d’fhonn iad a chaomhnú. Tabhair faoi deara na plandaí spéisiúla agus eile a mhaireann in éiceachóras na trá agus na ndumhcha. Beidh trácht na ndumhcha, siúlóid fásra agus Faire an Chladaigh! ar siúl, chomh maith le glantachán trá le Cóstaí Glana.




### GAILLIMH AGUS AN RÉABHLÓID CULTÚIR - SIÚLÓID LE TREORAÍ

- 2i.n. - 3:30i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine
- Ag Teacht le Chéile: Tigh Neachtain, Sráid na Céibhe
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/PyA2RUhKvEKcVmgrmYPIzw2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: An Dr Jonathan Hannon, Staraí Cultúir

Déan siúlóid ar fud réimsí d'oidhreacht an chultúir i nGaillimh agus plé á dhéanamh ar an dícheall atá á dhéanamh gnéithe den oidhreacht cultúir a bheadh i mbaol a chaomhnú agus a athchóiriú. I ndeireadh an 19ú céad, bhí Gaillimh ar cheann de na hionaid thábhachtacha maidir le gluaiseachtaí náisiúnta amharclannaíochta, litríochta agus teanga. Tabharfar cuairt ar amharclanna, ar shéadchomharthaí agus ar ionaid eile a bhfuil suntas leo i scéal tábhachtach an tréimhse sin. Beidh aird le linn na siúlóide ar an mBantiarna Gregory, Yeats, JM Synge, James Joyce, Micheál Mac Liamóir, Tom Murphy agus cuid mhór eile.

### LÁMHSCRÍBHINNÍ R.N.HRÁN AN ATH. UÍ MHORCHADHA



- ·3i.n. - 4i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine
- Ag Teacht le Chéile: Músaem Cathrach na Gaillimhe, Paráid na Spáinneach, Gaillimh, H91CX5P
- Áirithint: Museum@GalwayCity.ie nó (091) 532460

Faoi stiúir: Músaem Cathrach na Gaillimhe, Galway Atlantaquaria

Ón mbliain 1884 anall go dtí na 1920idí, bhreac an tAth. Domhnall Ó Morchadha as Cill Mhic Thaidhg i gCo. Shligigh agus J.J. Lyons as Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe níos mó ná 1,200 amhrán i nGaeilge ó 450 duine in Philadelphia agus i gceantair antraicíte Oirthuaisceart Pennsylvania. Tá lón cuimhne faoi mar a mhair daoine in Éirinn roimh aimsir an Ghorta sula ndeachthas ar imirce ar caomhnú sa bhailiúchán iontach seo ar díol suntais é maidir le hoidhreacht na hÉireann, oidhreacht Mheiriceá agus saol na deoraíochta. Cuirfidh an Dr Deirdre Ní Chonghaile, Comhalta Taighde in Ollscoil Cathrach Bhaile Átha Cliath, a shaothraigh ar thionscadal an bhailiúcháin, scéal na lámhscríbhinní i láthair chomh maith lena bhfuil pleanáilte maidir leis an mbailiúchán mórshuntais seo d'ábhar litríochta i nGaeilge san am atá romhainn.

## DÉ DOMHNAIGH, AN 16 LÚNASA

### BAILIÚ SÍOLTA FIÁINE DÚCHASACHA



- 11r.n. - 1i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine
- Ag Teacht le Chéile: Gairdín Pobail Choill Mhuirlinne, Coill Mhuirlinne, Bóthar Dhabhach Uisce, Gaillimh
- Áirithint: https://www.eventbrite.com/cc/heritage-week-in-merlin-woods-galway-2026-4857437

Faoi stiúir: Cairde Choill Mhuirlinne

Foghlaim faoi na plandaí, an leas atá le baint astu agus na gnáthóga is fearr leo le Cairde Choill Mhuirlinne.

# DÉ LUAIN, AN 17 LÚNASA

## RÉIMEAS FUAIME ABHAINN NA GAILLIMHE: SIÚLÓID FUAIME LE BEALAÍ UISCE NA GAILLIMHE

- 11r.n. - 12i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine
- Ag Teacht le Chéile: Ionad Uí Dhonnchadha don Drámaíocht, Amharclannaíochtt agus Taibhiú, Ollscoil na Gaillimhe; Taobh amuigh den doras ag an droichead coisíochta . H91T8WR
- Áirithint: https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/y-Va1yKiBUS_lalfDbqRtg2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: Eugene McKeown, Taighdeoir Réim Fuaime, Saotharlann Fuaime na Gaillimhe - Ollscoil na Gaillimhe
Bíodh cluais agat le buillí croí na Gaillimhe i rith Sheachtain na hOidhreachta. Tar in éineacht linn ar shiúlóid fuaime faoi threoir agus cloisfidh tú macalla na gcianta de stair na Gaillimhe ar feadh na mbealaí uisce. Éist le suaimhneas na gcanálacha i gcomparáid le sruth tréan Abhainn na Gaillimhe a sheoladh seanmhuilte na Gaillimhe agus beidh aird againn ar a gcuireann an fhuaim in iúl faoi scéal na Gaillimhe. Aireoidh tú fuaimdhreacha na staire, aimseoidh tú cuasa ceilte éisteachta agus cluinfidh tú bodhrán íseal na foirgníochta ón ré ársa, ó ré na meánaoise agus ó ré na tionsclaíochta. Moltar bróga compordacha siúlóide agus cluas le héisteacht. Gheofar taithí ar an gcathair ní hamháin ón méid a fheictear, ach ón méid a chloistear.

## REILIG CHNOC AN SCONSA - CUAIRT THREORAITHE

- 11r.n. - 12i.n. Saor in aisce. Níl inrochtana do chathaoireacha rothaí.
- Ag Teacht le Chéile: Taobh istigh den phríomhgheata ag Séipéal na Marbhlainne, Reilig Chnoc an Sconsa, Bóthar Loch an tSáile
- SAOR IN AISCE. Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/baT4mnNUckyrxOfeMqiLlg2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: An Dr Jim Ó hUiginn, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Is mór an t-ábhar eolais maidir le cúrsaí staire, ginealais agus seandálaíochta a bhíonn ar fáil i reiligí. Tar ar shiúlóid le hOifigeach Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus cloisfidh tú caint ar uaigheanna Threibheanna na Gaillimhe, ar stair Ord na nAgaistíneach, ar ghnéithe ailtireachta agus ar chúrsaí ginealais mar a bhaineann leis an dún agus an reilig ar Chnoc Dhún an Sconsa.
Tá an talamh garbh in áiteanna - is fearr bróga troma a chaitheamh. Oiriúnach do leanaí 10+ agus do dhaoine fásta.

## CUAIRT IARSMALANN DHÚN UÍ MHAOILÍOSA

- 1i.n. - 2:30i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Séipéal Garastúin Naomh Pádraig, An Rinn Mhór, H91 E22C
- Áirithint:For booking, visit: https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/ncoynqOiN02LG-2ZBtiZug2?ismsaljsauthenabled

Arm Shasana, i ndeireadh an 19ú céad, ba chúis le Beairic na Rinne Móire a thógáil, bunáit go dtí an lá atá inniu ann, faoin ainm oifigiúil Dún Uí Mhaoilíosa, ag Óglaigh na hÉireann. Tabharfar cuairt ar an Séipéal, an Gairdín Cuimhneacháin agus ar an Iarsmalann Mhíleata. (Na Connaught Rangers, Cogadh na Saoirse, an "Emergency", Liam Ó Maoilíosa, Óglaigh na hÉireann agus fiannas leis na Náisiúin Aontaithe sa Chongó agus sa Liobáin, stair na n-aonad, (Tá éide & airm ar taispeáint san iarsmalann).Oiriúnach do Leanaí 10 mbliana + (ní mór maoirseacht ar leanaí ar feadh an ama). Ó tharla go bhfuil spás páirceála gann, moltar úsáid a bhaint as an gcóras iompair poiblí.

Ó tharla go bhfuil spás páirceála gann, moltar úsáid a bhaint as an gcóras iompair poiblí.

## CUAIRT SIÚLÓIDE AR GHAILLIMH NA MEÁNAOISE


- 2:30i.n. – 4i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Doras an Bhrúnaigh, An Fhaiche Mhór
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/AZMhomTKTUm-PpbgiUinkQ2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: An Dr Jim Ó hUiginn, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Tar uait siar sa ré atá caite ag siúl shráideanna spéisiúla ré na Meánaoise i nGaillimh. Tosófar ag Doras stairiúil an Bhrúnaigh ar an bhFaiche Mhór agus ríomhfar bunús na cathrach in aimsir na meánaoise ar feadh sheanbhallaí agus sheanlánaí an bhaile mhóir agus le haird ar ghnéithe suntasacha eile ar an mbealach. Cloisfear scéalta faoi theaghlaigh móra tráchtála na Gaillimhe, faoin trádáil isteach agus amach, agus faoi stair chúrsaí cathartha an bhaile sula dtugtar cuairt


THE
CONNAUGHT RANGERS






FORTHILL
CEMETERY
AD 1500

# DÉ MÁIRT, AN 18 LÚNASA



## TÓRAÍOCHT TAISCE LEGO

- 10:30r.n. - 4:30i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Músaem Cathrach na Gaillimhe, Paráid na Spáinneach, Gaillimh, H91 CX5P
- Áirithint: Museum@GalwayCity.ie nó (091) 532460

Tuigfidh tú faoi stair na Gaillimhe mar gheall ar an spraoi a bhaineann le Tóraíocht Taisce i Músaem Cathrach na Gaillimhe. Siúil na dánlanna agus cuardaigh dhá radharc déag atá déanta as LEGO® maidir le pearsaí clúiteacha agus eachtraí maidir Gaillimh, sa ré atá caite agus san am i láthair, Gráinne Ní Mháille, Pádraic Ó Conaire agus Toirdhealbhach Ó Conchubhair ina measc. Lean an bealach go ceann scríbe, foghlaim faoi oidhreacht ilghnéitheach na Gaillimhe agus beidh teastas ar fáil agat ag an mbord Fáilte nuair a bhíonn an dá thaisce déag aimsithe agat. Tá bileoga oibre saor in aisce ar fáil ag an Deasc Fáilte sa Músaem.

## REILIG CHNOC AN SCONSA - CUAIRT THREORAITHE

- 11r.n. - 12i.n. Saor in aisce. Níl inrochtana do chathaoireacha rothaí
- Ag Teacht le Chéile: Taobh istigh den phríomhgheata ag Séipéal na Marbhlainne, Reilig Chnoc an Sconsa, Bóthar Loch an tSáile
- Áirithint: https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/baT4mnNUckyrxOfeMqiLlg2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: An Dr Jim Ó hUiginn, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Is mór an t-ábhar eolais maidir le cúrsaí staire, ginealais agus seandálaíochta a bhíonn ar fáil i reiligí.  Tar ar shiúlóid le hOifigeach Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus cloisfidh tú caint ar uaigheanna Threibheanna na Gaillimhe, ar stair Ord na nAgaistíneach, ar ghnéithe ailtireachta agus ar chúrsaí ginealais mar a bhaineann leis an dún agus an reilig ar Chnoc Dhún an Sconsa.

Tá an talamh garbh in áiteanna - is fearr bróga troma a chaitheamh. Oiriúnach do leanaí 10+ agus do dhaoine fásta.

## ChULTÚR NA hÉIREANN AGUS AN TAOBH TÍRE ATU

- ·2i.n. – 5 i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- ·Ag Teacht le Chéile: Seomra traenála na Leabharlainne, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh
- Áirithint:For booking, visit: https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/E2soJQZZW0qO3Il_aMNvyw2?ismsaljsauthenabled

Bí i láthair ag cainteanna spéisiúla faoi oidhreacht cultúir, staire agus dúlra na hÉireann, faoi shean-nósanna agus faoin mbéaloideas.Beidh téamaí éagsúla á scrúdú, ina measc an bealach a chuaigh arm Chonnacht ar Tháin Bó Cuailgne, réimsí ársa coillearnaigh dúchais Loch Coirib, seanchas na ndaoine maidir le cos ar bolg na dtiarnaí talún agus cur na ndaoine ina choinne sin i nGaillimh agus i gContae an Chláir, agus an chaoi ar mhair stór amhrán traidisiúnta i dTír Chonaill agus i bhFear Manach ar feadh breis is dhá chéad bliain.



## CUAIRT SIÚLÓIDE AR GHAILLIMH NA MEÁNAOISE

- 2:30i.n. – 4i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Doras an Bhrúnaigh, An Fhaiche Mhór
- Áirithint:For booking, visit: https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/AZMhomTKTUm-PpbgiUinkQ2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: An Dr Jim Ó hUiginn, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Tar uait siar sa ré atá caite ag siúl shráideanna spéisiúla ré na Meánaoise i nGaillimh. Tosófar ag Doras stairiúil an Bhrúnaigh ar an bhFaiche Mhór agus ríomhfar bunús na cathrach in aimsir na meánaoise ar feadh sheanbhallaí agus sheanlánaí an bhaile mhóir agus le haird ar ghnéithe suntasacha eile ar an mbealach. Cloisfear scéalta faoi theaghlaigh móra tráchtála na Gaillimhe, faoin trádáil isteach agus amach, agus faoi stair chúrsaí cathartha an bhaile sula dtugtar cuairt ar Eaglais Choláisteach San Nioclás, ceann de na foirgnimh is breátha agus is stairiúla in Éirinn ó ré na meánaoise.

# DÉ CÉADAOIN, AN 19 LÚNASA

## TÓRAÍOCHT TASICE LEGO



- 10:30r.n. - 4:30i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Músaem Cathrach na Gaillimhe, Paráid na Spáinneach, Gaillimh, H91 CX5P
- Áirithint: Museum@GalwayCity.ie nó (091) 532460

Tuigfidh tú faoi stair na Gaillimhe mar gheall ar an spraoi a bhaineann le Tóraíocht Taisce i Músaem Cathrach na Gaillimhe. Siúil na dánlanna agus cuardaigh dhá radharc déag atá déanta as LEGO maidir le pearsaí clúiteacha agus eachtraí maidir Gaillimh, sa ré atá caite agus san am i láthair, Gráinne Ní Mháille, Pádraic Ó Conaire agus Toirdhealbhach Ó Conchubhair ina measc. Lean an bealach go ceann scríbe, foghlaim faoi oidhreacht ilghnéitheach na Gaillimhe agus beidh teastas ar fáil agat ag an mbord Fáilte nuair a bhíonn an dá thaisce déag aimsithe agat. Tá bileoga oibre saor in aisce ar fáil ag an Deasc Fáilte sa Músaem.

## CUAIRT IARSMALANN DHÚN UÍ MHAOILÍOSA




- 1i.n. - 2:30i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Séipéal Garastúin Naomh Pádraig, An Rinn Mhór, H91 E22C
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/ncoynqOiN02LG-2ZBtiZug2?ismsaljsauthenabled

Arm Shasana, i ndeireadh an 19ú céad, ba chúis le Beairic na Rinne Móire a thógáil, bunáit go dtí an lá atá inniu ann, faoin ainm oifigiúil Dún Uí Mhaoilíosa, ag Óglaigh na hÉireann. Tabharfar cuairt ar an Séipéal, an Gairdín Cuimhneacháin agus ar an Iarsmalann Mhíleata. (Na Connaught Rangers, Cogadh na Saoirse, an “Emergency”, Liam Ó Maoilíosa, Óglaigh na hÉireann agus fiannas leis na Náisiúin Aontaithe sa Chongó agus sa Liobáin, stair na n-aonad, (Tá éide & airm ar taispeáint san iarsmalann).Oiriúnach do Leanaí 10 mbliana + (ní mór maoirseacht ar leanaí ar feadh an ama). Ó tharla go bhfuil spás páirceála gann, moltar úsáid a bhaint as an gcóras iompair poiblí.

Ó tharla go bhfuil spás páirceála gann, moltar úsáid a bhaint as an gcóras iompair poiblí

## CUAIRT NA CEARNÓIGE, OLLSCOIL NA GAILLIMHE



- 1i.n. - 2i.n. Saor in aisce.
- Ag Teacht le Chéile: An Chearnóg, An Cr.n.pas ó Dheas, Ollscoil na Gaillimhe, Bóthar na hOllscoile, Gaillimh
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/leyHLebykk2n7JJI-T_Uhg2?ismsaljsauthenabled

Cé go mbeidh roinnt áiteanna, e.g. clós na Cearnóige agus an Aula Maxima, inrochtana ag mórchuid na ndaoine, beidh céimeanna agus staighrí ina gconstaic roimh dhaoine áirithe réimsí eile den chuairt a thabhairt.
Faoi stiúir: An Dr John Caulfield, Oifig an Uachtaráin, Ollscoil na Gaillimhe


Cuairt coisíochta trí áras na Cearnóige, ar tháinig mic léinn den chéad uair ann sa bhliain 1849, timpeall an Aula Maxima, seomraí an Uachtaráin, Iarsmalann Geolaíochta James Mitchell agus eile. Cloisfear faoi bhunú na hOllscoile, faoi ghnéithe d’ailtireacht na Cearnóige agus faoi roinnt de na daoine a leag cois ann.

Déantar clampáil ar champas na hOllscoile. Tá líon áirithe spásanna páirceála Íoc agus Taispeáin ar fáil ach is minic a bhíonn siad sin uilig lán. Moltar do chuairteoirí na háiseanna Íoc agus Taispeáin ag Ardeaglais na Gaillimhe a úsáid agus siúl chuig an gcampas nó leas a bhaint as an gcóras iompair poiblí.

### SUIRBHÉ AR OIDHREACHT NA hAILTIREACHTA DÚCHAIS - CUAIRT SIÚLÓIDE

- 7i.n. - 9i.n. Saor in aisce. Níl inrochtana do chathaoireacha rothaí.
- Ag Teacht le Chéile: Feirm Fahy, Baile an Dúlaigh, Gaillimh
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/sYq89OhjRUaBejLB1zP1Aw2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: Michael Scott, OCA, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Tá Suirbhé cuimsitheach déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le cúnamh taca ón gComhairle Oidhreachta, ar an Ailtireacht Dúchais i mBaile an Dúlaigh. Bí in éineacht linn ag seoladh an tsuirbhé go gcloisfear na príomhthorthaí agus go gcloisfear faoi na pleananna atá á leagan amach tuairisc a bhreacadh ar ailtireacht dúchais Chathair na Gaillimhe agus í a chomóradh.



### SIÚLÓID NA SCIATHÁN LEATHAIR

- 21:30 – 23:00 Saor in aisce. Níl inrochtana do chathaoireacha rothaí.
- Ag Teacht le Chéile: Gairdín Pobail Choill Mhuirlinne, Coill Mhuirlinne, Bóthar Dhabhach Uisce, Gaillimh
- Áirithint: https://www.eventbrite.com/cc/heritage-week-in-merlin-woods-galway-2026-4857437

Faoi stiúir: Caitríona Carlin, Grúpa Ialtóg na Gaillimhe agus Caomhnú Ialtóg Éireann
Tugann an Sciathán Leathair ábhar spéise le cois do lucht siúlóide mall sa tráthnóna. Bain taitneamh as tamall spaisteoireachta le treoraí atá eolasach faoin Sciathán Leathair agus bíodh cluas le héisteacht agat go gcloise tú iad ag imeacht san aer tar éis dul faoi na gréine. Oiriúnach ag daoine gan bheann ar aois.



## DÉARDAOIN, AN 20 LÚNASA

### TÓRAÍOCHT TAISCE LEGO

- 10:30r.n. - 4:30i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Músaem Cathrach na Gaillimhe, Paráid na Spáinneach, Gaillimh, H91 CX5P
- Áirithint: Museum@GalwayCity.ie nó (091) 532460

Tuigfidh tú faoi stair na Gaillimhe mar gheall ar an spraoi a bhaineann le Tóraíocht Taisce i Músaem Cathrach na Gaillimhe. Siúil na dánlanna agus cuardaigh dhá radharc déag atá déanta as LEGO® maidir le pearsaí clúiteacha agus eachtraí maidir Gaillimh, sa ré atá caite agus san am i láthair, Gráinne Ní Mháille, Pádraic Ó Conaire agus Toirdhealbhach Ó Conchubhair ina measc. Lean an bealach go ceann scríbe, foghlaim faoi oidhreacht ilghnéitheach na Gaillimhe agus beidh teastas ar fáil agat ag an mbord Fáilte nuair a bhíonn an dá thaisce déag aimsithe agat. Tá bileoga oibre saor in aisce ar fáil ag an Deasc Fáilte sa Músaem.



### BAILIÚ SCÉALTA: AN SEAN, AN NUA AGUS ATÁ I nDÁN

- 1i.n. - 4i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Gairdín Pobail Choill Mhuirlinne, Coill Mhuirlinne, Bóthar Dhabhach Uisce, Gaillimh
- Áirithint: https://www.eventbrite.com/cc/heritage-week-in-merlin-woods-galway-2026-4857437

Faoi stiúir: An Dr Jim Ó hUiginn, Oifigeach Oidhreachta, agus David Mc Nicholas, Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhar le Cairde Choill Mhuirlinne.
Bí in éineacht linn i mbun scrúdaithe agus ceiliúrtha ar oidhreacht cultúir, staire agus dúlra an réimse coillearnaigh seo. Beidh scéalta á gcur thart faoi logainmneacha na háite, faoin úsáid a bhaintí as coill fadó, faoin bhfiadhúlra agus gnáthóga faoi leith, ionas go gcuidítear leis an eolas fiúntach seo a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. Tá spásanna páirceála gann, moltar an córas iompair poiblí a úsáid.
Tá spásanna páirceála gann.




## AILTIREACHT I STÍL RÉ SHEOIRSE

- 1i.n. - 2i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Ionad Ealaíne na Gaillimhe, 47 Sráid Doiminic Íochtar.
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/FscQBIFfJEy2-r6bwS-EtQ2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: 7L Architects Ltd

Tar in éineacht le comhlacht Ailtirí 7L agus le hOifigeach Caomhantais Ailtireachta Chathair na Gaillimhe ar chuairt ar Uimh. 45 agus Uimh. 47 Sráid Doiminic Íochtarach, dhá shampla breátha de "Stíl na Gaillimhe" d'Ailtireacht Ré Sheoirse, le haird ar an obair atá beartaithe a dhéanamh maidir leis an díon a chaomhnú le hairgead ó Chiste na nDéanmhas Stairiúil.



## CUAIRT NA CEARNÓIGE, OLLSCOIL NA GAILLIMHE (As Gaeilge)

- 1pm – 2pm. SAOR IN AISCE.
- Ag Teacht le Chéile: An Chearnóg, An Campas ó Dheas, Ollscoil na Gaillimhe, Bóthar na hOllscoile, Gaillimh
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/baT4mnNUckyrxOfeMqiLlg2?ismsaljsauthenabled

Cé go mbeidh roinnt áiteanna, e.g. clós na Cearnóige agus an Aula Maxima, inrochtana ag mórchuid na ndaoine, beidh céimeanna agus staighrí ina gconstaic roimh dhaoine áirithe réimsí eile den chuairt a thabhairt.

Faoi stiúir: An Dr John Caulfield, Oifig an Uachtaráin, Ollscoil na Gaillimhe

Cuairt faoi threoir trí Áras na Cearnóige, ar tháinig mic léinn den chéad uair ann sa bhliain 1849, agus atá ar an gcuid is sine de Choláiste na Ríona, Gaillimh mar a bhíodh agus Ollscoil na Gaillimhe mar atá anois. Tabharfar cuairt ar Iarsmalann Geolaíochta James Mitchell ina bhfuil clocha, mianraí agus iontais spéisiúla ar taispeáint, chomh maith leis an mbunsamhail plástair de chaipín cloiginn a d'úsáid William King sa bhliain 1863 agus cine na Néandartálach á n-ainmniú aige. Ar na buaicphointí eile, tá an Aula Maxima, nó an 'Halla Mór' ina mbíodh cruinnithe móra agus scrúduithe ar bun tráth, chomh maith le gairdíní breátha.



Déantar clampáil ar champas na hOllscoile. Tá líon áirithe spásanna páirceála Íoc agus Taispeáin ar fáil ach is minic a bhíonn siad sin uilig lán. Moltar do chuairteoirí na háiseanna Íoc agus Taispeáin ag Ardeaglais na Gaillimhe a úsáid agus siúl chuig an gcampas nó leas a bhaint as an gcóras iompair poiblí.

## CUAIRT MHÚSAEM CATHRACH NA GAILLIMHE

- 2i.n. - 3i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Músaem Cathrach na Gaillimhe, Paráid na Spáinneach, Gaillimh, H91CX5P
- Áirithint: Museum@GalwayCity.ie nó (091) 532460

Tar ar chuairt faoi threoir go bhfoghlaimítear faoi bhunú na Gaillimhe agus go gcloistear scéalta spéisiúla faoi roinnt de na hearraí atá ar taispeáint, ina measc an sampla is sine d'Fháinne an Chladaigh, dealbh Phádraic Uí Chonaire, cupán le duine de lucht leighis na meánaoise i



# DÉ hAOINE, AN 21 LÚNASA

## CUAIRT SIÚLÓIDE AR CHAISLEÁN MHIONLAIGH




- 10r.n. - 12i.n. Saor in aisce. Níl inrochtana do chathaoireacha rothaí.
- Teacht le chéile: an geata isteach ag Caisleán Mhionlaigh
- ·Áirithint: https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/yEkLB6kYeUm-RHkff-Hd9w2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: An Dr Jim Ó hUiginn, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Cloisfidh tú scéal Chaisleán Mhionlaigh, foirgneamh suntasach le bruach na habhann ón 16ú céad i leith. Cuirfidh tú eolas ar stair na mBlácach, siúlfaidh tú an seanfhothrach agus bainfidh tú sásamh as scéalta spéisiúla agus as radharcanna breátha ar Abhainn na Gaillimhe.

.



## CUAIRT NA CEARNÓIGE, OLLSCOIL NA GAILLIMHE

- 10r.n. – 12.30i.n. SAOR IN AISCE.
- Ag Teacht le Chéile: An tÁirse ag bealach isteach ag clós na Cearnóige, Ollscoil na Gaillimhe, Bóthar na hOllscoile, Gaillimh
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/WnRcX0rft0CRadhE2un2VA2?ismsaljsauthenabled

Cuairt coisíochta trí áras na Cearnóige, ar tháinig mic léinn den chéad uair ann sa bhliain 1849, timpeall an Aula Maxima, seomraí an Uachtaráin, Iarsmalann Geolaíochta James Mitchell agus eile. Cloisfear faoi bhunú na hOllscoile, faoi ghnéithe d'ailtireacht na Cearnóige agus faoi roinnt de na daoine a leag cois ann.

Cé go mbeidh roinnt áiteanna, e.g. clós na Cearnóige agus an Aula Maxima, inrochtana ag mórchuid na ndaoine, beidh céimeanna agus staighrí ina gconstaic roimh dhaoine áirithe réimsí eile den chuairt a thabhairt.

Faoi stiúir: An Dr. John Murray, Eolaíochtaí na Cruinne agus na nAigéan, Ollscoil na Gaillimhe

Déantar clampáil ar champas na hOllscoile. Tá líon áirithe spásanna páirceála Íoc agus Taispeáin ar fáil ach is minic a bhíonn siad sin uilig lán. Moltar do chuairteoirí na háiseanna Íoc agus Taispeáin ag Ardeaglais na Gaillimhe a úsáid agus siúl chuig an gcampas nó leas a bhaint as an gcóras iompair poiblí.

## TÓRAÍOCHT TAISCE LEGO

- 10:30r.n. - 4:30i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Músaem Cathrach na Gaillimhe, Paráid na Spáinneach, Gaillimh, H91 CX5P
- Áirithint: Museum@GalwayCity.ie nó (091) 532460



Tuigfidh tú faoi stair na Gaillimhe mar gheall ar an spraoi a bhaineann le Tóraíocht Taisce i Músaem Cathrach na Gaillimhe. Siúil na dánlanna agus cuardaigh dhá radharc déag atá déanta as LEGO® maidir le pearsaí clúiteacha agus eachtraí maidir Gaillimh, sa ré atá caite agus san am i láthair, Gráinne Ní Mháille, Pádraic Ó Conaire agus Toirdhealbhach Ó Conchubhair ina measc. Lean an bealach go ceann scríbe, foghlaim faoi oidhreacht ilghnéitheach na Gaillimhe agus beidh teastas ar fáil agat ag an mbord Fáilte nuair a bhíonn an dá thaisce déag aimsithe agat. Tá bileoga oibre saor in aisce ar fáil ag an Deasc Fáilte sa Músaem.

## CUAIRT IARSMHALANN DHÚMN UÍ MHAOILÍOSA

- 1i.n. - 2:30i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Séipéal Garastúin Naomh Pádraig, An Rinn Mhór, H91 E22C
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/ncoynqOiN02LG-2ZBtiZug2?ismsaljsauthenabled

Arm Shasana, i ndeireadh an 19ú céad, ba chúis le Beairic na Rinne Móire a thógáil, bunáit go dtí an lá atá inniu ann, faoin ainm oifigiúil Dún Uí Mhaoilíosa, ag Óglaigh na hÉireann. Tabharfar cuairt ar an Séipéal, an Gairdín Cuimhneacháin agus ar an Iarsmalann Mhíleata. (Na Connaught Rangers, Cogadh na Saoirse, an "Emergency", Liam Ó Maoilíosa, Óglaigh na hÉireann agus fiannas leis na Náisiúin Aontaithe sa Chongó agus sa Liobáin, stair na n-aonad, (Tá éide & airm ar taispeáint san iarsmalann).Oiriúnach do Leanaí 10 mbliana + (ní mór maoirseacht ar leanaí ar feadh an ama). Ó tharla go bhfuil spás páirceála gann, moltar úsáid a bhaint as an gcóras iompair poiblí.

Ó tharla go bhfuil spás páirceála gann, moltar úsáid a bhaint as an gcóras iompair poiblí.



## OIDHREACHT NA hAILTIREACHTA DÚCHAIS - OBAIR IARAINN

- 2:30i.n. – 3:30i.n. Saor in aisce. Níl inrochtana do chathaoireacha rothaí.
- Ag Teacht le Chéile: Teacht le chéile: an geata isteach ag Caisleán Mhionlaigh
- Áirithint:https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/HKh_pl_NFki0m17krK6Hhg2?ismsaljsauthenabled

Faoi stiúir: Jim Ó hUiginn, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Gheofar eolas ar oidhreacht Mhionlaigh ar an tsiúlóid threoraithe seo trí fhearann Chaisleán Mhionlaigh agus an réimse tíre máguaird. Cloisfear faoi cheangal an cheantair le gaibhneacht an iarainn, faoi shaol mhuintir na tuaithe, faoi Abhainn na Gaillimhe an tráth céanna a dtagann scéalta i gceist faoin stair, faoin tseandálaíocht, faoin mbéaloideas agus faoin oidhreacht tionsclaíochta.



# DÉ SATHAIRN, AN 22 LÚNASA

## AN LEANBH FAOIN AER

- 12i.n. - 2i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Gairdín Pobail Choill Mhuirlinne, Coill Mhuirlinne, Bóthar Dhabhach Uisce, Gaillimh
- Áirithint: For booking, visit: https://www.eventbrite.com/cc/heritage-week-in-merlin-woods-galway-2026-4857437

Faoi stiúir: Cairde Choill Mhuirlinne

Scrúdófar domhan an dúlra, saol na bhfeithidí, na bhféileacán agus na bpriompallán.



## TAIR SHÉIPÉAL & REILIG PHÁIRC NA SCEACH

- 3i.n. - 4i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Séipéal Naomh Sér.n.as, Páirc na Sceach
- Áirithint: https://outlook.office.com/book/HeritageWeek@galwaycity.ie/s/HeEmJ5K1t0-D9Iw-IACPDA2?ismsaljsauthenabled


Caint ghairid maidir le stair an tséipéil agus na reilige i bPáirc na Sceach, chomh maith le Tithe Móra an cheantair agus na daoine a chónaíodh iontu.











# DÉ DOMHNAIGH, AN 23 LÚNASA

## PICNIC SA nGAIRDÍN

- 2i.n. - 4i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Coill Mhuirlinne
- Áirithint:https://www.eventbrite.com/cc/heritage-week-in-merlin-woods-galway-2026-4857437

Faoi stiúir: Cairde Choill Mhuirlinne

Bain taitneamh as tráthnóna spraoi i nGairdín Pobail Choill Mhuirlinne. Bain sásamh as picnic agus as eachtraí spraoi don teaghlach, cluichí dúlra, tumadh locháin, ealaín agus ceardaíocht chomh maith le gnéithe den dúlra a thabhairt faoi deara ar an bhfiántas. Deis iontach nasc a chothú leis an dúlra agus ceann de sheoda ceilte na Gaillimhe a fheiceáil.

## UISCEBHEALAÍ NA GAILLIMHE: STAIR CULTÚIR AGUS BITHÉAGSÚLACHT

- 2i.n. - 4i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile: Ar aghaidh Shéipéal Mhuire, an Cladach. 7W9V+CJ Gaillimh
- Ní theastaíonn áirithint roimh ré

Faoi stiúir: Colm Murray, Ailtire Caomhantais

Foghlaim faoi réimsí ceilte an uisce i nGaillimh ar shiúlóid faoi threoir le Colm Murray, Ailtire Caomhantais. Feictear, ar an tsiúlóid 2.5 km seo, an dúlra ag teacht ar ais i réim ar na huiscebhealaí innealtóireachta idir Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe. Le haird faoi leith ar Dhuga Eglinton, ar na Canálacha, ar shruthanna muilte agus ar an bhfiadhúlra.

## IDIR GAILLIMH AGUS AN GHAIMBIA – AN GHEABHRÓG AR GOR I LOCH AN tSÁILE

- 7i.n. - 8i.n. Saor in aisce, Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
- Ag Teacht le Chéile:An tIonad Oideachais  agus Caitheamh Aimsire Faoin Aer - Céide Chois Locha, an Rinn Mhór, Gaillimh
- Áirithint: peterbutle@gmail.com

Faoi stiúir: An Dr Ian O'Connor (OTA), Peter Butler (Caomhnóirí Deonacha na Gaillimhe) agus David McNicholas (Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe)

Foghlaim faoi na bearta caomhantais atá á ndéanamh maidir leis an nGeabhróg i Loch an tSáile, na deacrachtaí atá le sárú agus mar atá ag éirí leis an togra, an réimse cósta le cathair na Gaillimhe a thaobhaíonn an gheabhróg agus ábhar nua léargais, mar gheall ar an monatóireacht leanúnach, ar an imirce a dhéanann siad.

Moltar an córas iompair poiblí a úsáid ó tharla spásanna páirceála gann.



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

músaem museum
Músaem Cathrach na Gaillimhe
Galway City Museum

Óglaigh na hÉireann
IRISH DEFENCE FORCES

National Heritage Week
A Heritage Council programme

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

ATU
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
Atlantic Technological University

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway